HABITATS OF IRELAND

GNÁTHÓGA COIS CÓSTA

Leathnaíonn an 'crios cois cósta' ón gcúltír tríd an gcrios steancála, ina mbíonn tuile go hócáideach, agus tríd an gceantar idirthaoideach go huiscí éadoimhne cois cósta. Cruthaítear gnáthóga difriúla cois cósta toisc gheolaíocht na hÉireann, na n-oighearaoiseanna, ár n-aimsire, Shruth na Murascaille te agus choinníollacha áitiúla.

Cuimsíonn gnáthóga cois cósta crua fásra ar aillte cois cósta inar féidir le plandaí fás ó mhéirscrí bheaga – cosúil leis an gcraobhraic. D'fhéadfaí teacht ar sceireacha, atá páirt-chlúdaithe le huisce, agus pluaiseanna farraige, ina mbíonn coileáin ag rónta taobh thíos de na haillte. Is ainmhithe cosúil le diúilicíní agus péisteanna milteogacha a dhéanann sceireacha bithghineacha.

Is féidir le tonnta stoirme bolláin a ardú ina mbainc chlochacha arda. Is annamh a bhíonn an ghnáthóg seo faoi uisce, agus tacaíonn an ghnáthóg nocht seo le fásra ilbhliantúil cosúil le laíon na trá. Cruthaíonn na bainc seo murlaigh cois cósta uaireanta. Tarlaíonn siad seo go fíor-annamh in aice le linnte fionnuisce cois cladaigh.

D'fhéadfadh gnáthóga boga nochta cois cósta – áit a dhéanann rabhartaí a n-ualach a shil-leagan - tacú le fásra bliantúil na líne síobtha. Níl ann ach deis bheag do shíolta le péacadh, agus d'fheithidí – cosúil le dreancaid trá – leis an saolré a chomhlánú roimh an gcéad rabharta ard eile. Bíonn feadóg an fháinne ag pórú anseo.

Déanann gaineamh a shéideann isteach sna cnoic dumhcha a fhoirmiú. Is iad dumhcha suthacha aistrithe iad na cruacha gainimh is óige, agus broimfhéar gainimh agus ialus duimhche mar cheannródaithe acu. Tógann muiríneach tosaíocht ina dhiaidh sin, agus foirmítear gnáthóg dhuimhche bhán. De réir mar a théann an cnoc gainimh in aois, méadaíonn an bhithéagsúlacht. Foirmíonn dumhcha liath nó socraithe mar bholadh cnis, seamra, agus feictear paistí caonaigh measctha le crotail liatha. Ag seasamh ar dhroim dhuimhche, is féidir leat na gleannta a fheiceáil ar a dtugtar lagáin dhuimhche. Tá na coinníollacha iontach do bhláthanna agus fheithidí tearca. Tá fraochmhá duimhche, le fraoch agus aiteann, ar an gcineál duimhche is sine. Tugtar machairí ar pháirceanna míne duimhche cois cósta, atá coitianta in iarthuaisceart na hÉireann agus in Albain.

Tá gnáthóga foscúla cois cósta le fáil i mbánna agus inbhir. Is minic a bhíonn bainc ghainimh agus ghairbhéil cois fharraige, le ruacain agus croídíní le feiceáil.

Tá taiscí móra bia ag inbhir agus líonraí casta bia, le speicis ag gluaiseacht idir an fharraige, an abhann, réileán láibe, linnte in oitreacha gaineamh, góilíní réisc goirt te agus leapacha giolcaí. Le dosaen gnáthóg nó níos mó in aice lena chéile go minic, tá an éagsúlacht shaibhir cois cósta na hÉireann fíor-speisialta.

BAGAIRTÍ DON GHNÁTHÓG

Tá tionchar le feiceáil ar chóstaí boga an oirdheiscirt agus an deiscirt ón méadú i leibhéal na farraige, ó stoirmeach níos minice agus ó bháisteach níos troime. Tá sé tuartha ag tromlach na n-eolaithe go méadóidh na fadhbanna seo le hathrú aeráide. Beidh iomaíocht ag plandaí agus ainmhithe atá ag dul suas an cladach ag an mbarr agus airde an uisce ag méadú. Má tá armúr agus ballaí carraige mar fhreagra againn, beidh brú breise ar 'chúngú an chósta'.

Is féidir leis na gníomhaíochtaí seo a leanas mórán damáiste a dhéanamh dár ngnáthóga cois cósta: modhanna iascaireachta neamh-inbhuanaithe cois cósta, tógáil ró-ghar don chladach nó inlíonadh an chladaigh, gaineamh a bhaint, tiomáint ar uibheacha na n-éan tearc, cleachtais dhobharshaothraithe áirithe agus mí-úsáid áineasa le tinte cnámh duimhche. Tá bagairt thromchúiseach ann de bharr speicis ionracha coimhthíocha, go háirithe nuair atá orgánaigh cheana féin ag streachailt le hoiriúnú do hathruithe san imeallbhord.

CAD IS FÉIDIR LE DAOINE A DHÉANAMH CHUN AN GHNÁTHÓG A CHOSAINT?

Gluais leat go cúramach agus bíodh sé ar eolas agat conas a oibríonn do chósta sula gcuireann tú isteach air. Breathnaigh, tarraing, tóg grianghraf agus scríobh. Tá fíor-easpa faisnéise faoinár mbithéagsúlacht cois cósta agus tarlaíonn mórán damáiste trí aineolas. Tá do thuairimí tábhachtach. Déan Suirbhé Bithéagsúlachta Fhaire an Chósta (www.coastwatch.org). Bí ag cosaint gnáthóga agus speicis cois cósta, agus spreag daoine eile an rud céanna a dhéanamh. Déan mí-úsáidí comhshaoil a thuairisciú d'fhorais fhreagracha oifigiúla agus eagraíochtaí eile.

Tá ról riachtanach ag gairdíní cois farraige maidir le cosaint an nádúir. Tacaigh le plandáil agus cothabháil chríonna. Seachain speicis ionracha coimhthíocha a leathadh nuair atá tú i mbun bádóireachta. Bíodh buntáiste don chladach i lá teaghlaigh cois farraige trí am a chaitheamh ag glanadh.

TUILLEADH EOLAIS

- Maidir le láithreáin agus speicis faoi chosaint: An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra: *www.npws.ie*
- Maidir le húsáidí mara cosúil le hiascaireacht, dobharshaothrú agus dreidireacht: An Roinn Talmhaíochta (rannóg bainistíochta an chreasa cois cósta): *www.agriculture.gov.ie*
- Déan truailliú ola a thuairisciú don Gharda Cósta: 01 678 2304.
- Chun eolas a fháil ar imeallbhoird agus ar thránna, déan teagmháil leis an údarás áitiúil ábhartha.
- Tá leasanna ag An Taisce, Cairde Éanlaith Éireann, Faire Cósta na hEorpa, Tearmann Rónta na hÉireann, an Grúpa Éireannach maidir le Míolta Móra agus Deilfeanna agus Iontaobhas Fiadhúlra na hÉireann inár gcrios cois cósta. Tá sonraí teagmhála do na grúpaí seo ar fáil ag *www.ien.org*